Plean Infheistíochta don Eoraip

# Cistí a chomhthiomsú le haghaidh fostaíochta agus fáis **#investEU**



I gcomhpháirtíocht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Ciste Eorpach Infheistíochta, táthar ag súil go ndéanfaidh an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) ar a laghad €319 billiún a chur ar fáil thar trí bliana. Tá CEIS ceaptha leis an mbearna infheistíochta san Aontas Eorpach a dhruidim trí mhaoiniú príobháideach a chur ar fáil le haghaidh infheistíocht straitéiseach, lena n-áirítear tionscadail a bhfuil próifíl riosca acu atá níos airde na gnáthghníomhaíochtaí BEI. Cuireann an spreagadh breise ó CEIS le hacmhainn CSIE (Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa), rud a chuirfidh € 454 billiún ar fail ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh thar an tréimhse 2014–2020 lena infheistiú i réimsí a chruthaíonn fás, go príomhá taighde, forbairt, agus nuálaíocht, tacaíocht le fiontair bheaga agus mheánmhéide, an geilleagar ísealcharbóin, agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.

## Cén fáth a bhfuil sé tábhacht

Is féidir le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa tionscadail a mhaoiniú trí dheontais agus ionstraimí airgeadais a chuireann údaráis bhainistíochta sna Ballstáit i bhfeidhm. I gCreat **leasaithe CSIE le haghaidh 2014–2020** tá scóip mhéadaithe chun ionstraimí airgeadais a úsáid seachas deontais amháin. Soláthraíonn CEIS ionstraimí airgeadais riosca (seachas deontais) trí BEI gan cuóta geografach nó earnála, ach bunaithe ar éileamh an mhargaidh ar mhaoiniú infheistíochta. Is féidir CEIS agus Cistí SIE a chomhcheangal ar leibhéal an tionscadail aonair nó ar leibhéal na hionstraime airgeadais araon. Féadann an comhcheangal cistí a bheith an-tairbheach i dtíortha nó in earnálacha áirithe ina bhfuil deisanna fairsinge le haghaidh CSIE, agus toisc nár baineadh an leas is mó as CEIS leis féin.

## Cistí SIE a chomhcheangal le CEIS

Is féidir Cistí SIE a chomhcheangal le CEIS ar shlite éagsúla:

**1** Cistí SIE a chomhcheangal le CEIS go díreach ar leibhéal an tionscadail: Faigheann tionscadal incháilithe maoiniú ó chlár CSIE (i bhfoirm deontais nó trí ionstraim airgeadais), ó CEIS, agus b'fhéidir ó infheisteoirí eile a mheallann Cistí SIE agus CEIS.

**2** Cistí SIE a chomhcheangal le CEIS ar leibhéal ardán infheistíochta: Is féidir gur mhaith leis an Údarás Bainistíochta ardán infheistíochta nua a bhunú (a mheasfar bheith ina ionstraim airgeadais) ina

ndéanfadh CEIS agus infheisteoirí eile a gcuid acmhainní a infheistiú. Féadann sé seo bheith i bhfoirm ciste i sraitheanna. Is féidir fosta go ndéanfadh an tÚdarás Bainstíochta ranníocaíocht ó na Cistí SIE a infheistiú in ardán infheistíochta atá ann cheana féin (a mheasfar ina ionstraim airgeadais) agus a bunaíodh le hacmhainní an CEIS ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach, trasnáisiúnta nó trasteorann. Ansin dhéanfadh an t-ardán infheistíochta CEIS agus rannaíochtaí ar leith ó chlár CSIE a infheistiú i dtionscadail. (Féadann infheisteoirí eile bheith páirteach).

**3** Cistí SIE a chomhcheangal le tacaíocht CEIS (arna dtreorú trí ardán infheistíochta) ar leibhéal ionstraim airgeadais nó ar leibhéal tionscadail: Sa chás seo bunaíonn an tÚdarás Bainistíochta ionstraim airgeadais ina ngníomhaíonn an t-ardán infheistíochta a bunaíodh le cúnamh ó CEIS mar infheisteoir. Rogha eile ba ea idirghabháil a bheith ag ardán infheistíochta a bunaíodh le cúnamh CEIS, díreach ar leibhéal tionscadail ar bhonn gach comhaontú ar leith.

Laistigh den Phlean Infheistíochta, tá sprioc leagtha síos ag an gCoimisiún go mbainfear amach dúbailt ar a laghad ar úsáid ionstraimí airgeadais faoi CSIE. Tá an sprioc seo (tuairim is € 23 billiún) insroichte: bunaithe ar mheastacháin reatha táthar ag súil leis gur € 20 billiún luach na leithdháiltí pleanáilte uile trí bheartas Comhtháthaithe chuig ionstraimí airgeadais sna 24 Ballstát do CFRE amháin.

## Samplaí de thionscadail agus de ghníomhaíochtaí a fuair tacaíocht

**"IF-TRI" in Nord-Pas de Calais (An Fhrainc)**
Ardán infheistíochta a chuimsíonn acmhainní ó CSIE, infheisteoirí príobháideacha, Caisse des Dépôts et des Consignations na Fraince, BEI agus tacaíocht ó CEIS. Cuireann an t-ardán maoiniú riosca ar fáil (€1 mhilliún an mheániasacht) do 100 tionscadal ar a laghad a chothaíonn geilleagar ísealcharbóin i Nord-Pas-de-Calais. Chomh maith le maoiniú tá cúnamh teicneolaíochta á thairiscint ag an réigiún a bhuíochas do dheontas suas le €2.5 milliún a fuarthas ó acmhainní CSIE.

**EstFund (An Eastóin)**
Tá an Ciste seo ceaptha chun infheistíocht luath-chéime a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas FBManna Eastónacha a smaointe gnó a fhorbairt. Beidh €48 milliún ó CFRE á chomhlánú ag € 12 milliún de chómhaoinú ó CEI ó acmhainní a bhfuil tacaíocht acu ó CEIS, agus is ionann sin agus € 60 milliún de chomhacmhainní. De réir mar a oibreoidh Estfund & infheisteoirí príobháideacha le chéile, cuirfear tuairim is € 100 milliún d'infheistíocht chothromais ar fáil d'fhiontair an réigiúin sna blianta atá romhainn.

## Deiseanna agus Sochair

Tionscadal ar bith atá inmharthana ó thaobh an gheilleagair agus na teicneolaíochta de, a d'fhéadfadh rannchuidiú le fás agus le poist san Aontas Eorapch agus atá i gcomhréir le beartais an Aontais Eorpaigh, d'fhéadfadh sé bheith incháilithe le haghaidh maoiniú ó CEIS agus ó CSIE araon. Beidh údaráis náisiúnta agus réigiúnacha in ann iarmhairtí breise a bhaint amach trí comh-infheistíochtaí CEIS (ranníocaíocht ó CEIS agus comhfheisteoir ar bith eile a mheallann CEIS). Ní amháin go dtabharfaidh na leithdháiltí réigiúnacha cosaint d'infheistíochtaí CSIE, ach tabharfaidh siad deis do gach réigiún (faoina chlár réigiúnach) infheistíochtaí CEIS a mhealladh.

## Conas teacht ar mhaoiniú

Ba cheart do thionscnóirí tionscadail lánúsáid a bhaint as an **Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht** ar tairseach é do chomhairle agus do thacaíocht theicniúil agus riaracháin infheistíochta. Cabhraíonn an Mol le hÚdaráis Phoiblí agus le tionscnóirí tionscadail tionscadail straitéiseacha chur i bhfeidhm, a aithint, tosaíochtaí a chur in ord, ullmhúchán a dhéanamh, agus leas níos éifeachtúla a bhaint as cistí an Aontais Eorapigh trí chaipiteal príobháideach a chur ar fáil. Cuid den ionad uile-ghnó seo is ea **"fi-compass",** seirbhís chomhairle faoi ionstraimí airgeadais le haghaidh cistí SIE. Chomh maith leis sin, tá tairseach úrnua gréasáin, an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta (EIPP), a chuireann ar chumas tionscnóirí tionscadail – poiblí nó príobháideacha - teacht ar infheisteoirí féideartha ar fud an domhain.

Tuilleadh eolais faoi bheartais reigiúnach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh:
http://ec.europa.eu/regional_policy/en/.

An Coimisiún Eorpach

An Banc Eorpach Infheistíochta
Banc an AE